

Cill Mhaighneann

1.0 Comhthéacs agus Carachtar an tSráidbhaile

Tá Cill Mhaighneann suite i dtuaisceart Chontae na Mí, 16km ar an taobh thoir thuaidh de Cheanannas, 7km ar an taobh dheas de Dhún an Rí agus 6km ar an taobh thiar thuaidh den Obair. Tá an sráidbhaile tógtha ar Abhainn Chill Mhaighneann, ar an taobh thuaidh de Loch na Coille Báin agus tá talamh talmhaíochta táirgiúil timpeall air. Baile beag gleoite atá i gCill Mhaighneann. Tá an oidhreacht thógtha déanta suas de na teaghaisí ón 19ú haois lena n-áirítear struchtúir dhá urláir ar an stíl dhúchasach, teaghaisí foirmiúla, típeolaíocht teaghaise scoite comhaimseartha, agus teaghais bhruachbhailteach leathscote chomh maith le sráidbhaile scoir agus teach téarnaimh agus cúraim a gcuireann siad go léir le carachtar an tsráidbhaile.

Bhaineadh an sráidbhaile leas as muilinn, eaglais agus scoil cois na habhann, agus stáisiún póilíní constáblachta, íoclann agus faiche aonaigh i lár an tsráidbhaile. Reáchtáladh aonach ansin i mBealtaine gach bliain. Coimeádann faiche an tsráidbhaile a charachtar agus a scála, agus iad sainithe go soiléir le struchtúir ón 19ú aois agus tréithrithe le crainn aibí sa spás. D'fhorbair an sráidbhaile ó dheas sa 20ú haois agus soir, idir an bóthar agus an abhainn, lena áiríodh úsáid chónaithe agus pobail.

Tá líne iarnróid Dhroichead Átha - na hUaimhe - Dhún an Rí, a osclaíodh i gceithre chuid ag ceithre chomhlacht iarnróid idir 1850 agus 1875 suite soir ón sráidbhaile. Láimhseáil cuid na hUaimhe – Dhún an Rí traenacha gipsim go dtí 2001. Níl Stáisiún Chill Mhaighneann ag feidhmiú a thuilleadh ach tá iarfhoirgneamh an stáisiúin fós ann. Tá sé beartaithe an líne iarnróid a fhorbairt mar Ghlasbhealach. Tá an t-iarnród suite lasmuigh de theorainn na forbartha.

Áit san Ordathas lonnaithe	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	312	316	Méadú 1.2% ar dhaonra
Croístraitéis Leithdháileadh Teaghlaigh	20 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	0		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	148		
Áiseanna Oideachais	Scoil Náisiúnta Chill Mhaighneann agus Ionad Cúram Leanaí KC		
Saoráidí Pobail	Eaglais Chaitliceach Chill Mhaighneann, Reilig Chill Mhaighneann, Teach Scoir Chill Mhaighneann, Teach Téarnaimh / Altranais Chill Mhaighneann, Ionad cúram lae Chill Mhaighneann (Cuid de choimpléasc an teach altranais) Club CLG Chill Mhaighneann Deonaíodh cead pleanála d'ionad pobail agus spás oscailte i McMahons (Reg Ref KA130940)		
Limistéar Comhaontais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanmhais Chosanta	Tá 8 struchtúr cosanta suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile: TSC - MH005-200 Teach an Pharóiste TSC - MH005-201 Eaglais Chaitliceach Chill Mhaighneann TSC - MH005-202 Keogans		

	TSC - MH005-203 Droichead Chill Mhaighneann TSC - MH005-204 Caidéal uisce TSC - MH005-205 Teach TSC - MH005-206 Crois TSC - MH005-209 McMahon's Tá aon Láithreán, ghné agus déantán seandálaíochta amháin laistigh de theorainn an tsráidbhaile liostaithe mar Shéadchomhartha Taifeadta: ME005-027 Lios - ráth Séadchomharthaí sa reilig ME005-028001 Leac uaighe ME005-028005- Aicme: Cló ME005-028002 Leac Croise ME005-028003 Síle na gcíoch ME005-028004 Reilig
Toilleadh Bonneagair	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Mhaighneann - Acmhainn ar fáil. Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Mhaighneann - Soláthar teoranta.
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Níl MSPT de dhíth. Brúnna criosanna tuile A agus/nó B ar an ionad lonnaíochta. Tá na tailte sin criosaithe mar F1. Beartais um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar a hAon den PFC.
Láithreáin Natura 2000	Ceann ar bith.
Críos Acmhainneachta Seandálaíochta	Sea, tá criosanna i lár an tsráidbhaile agus siar ó lár an tsráidbhaile. Tá 2 chrios breise siar ó thuaidh ón sráidbhaile.

2.0 Fís

Lár gnó agus stairiúil an tsráidbhaile a shainiú, a chomhdhlúthú, agus a neartú agus forbairt a spreagadh a fheabhsóidh carachtar an tsráidbhaile, agus spásanna poiblí na scoile agus an teach altranais a shainiú, agus cáilíocht thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a choimeád, agus freastal ar riachtanais gach coda den phobal áitiúil chun cinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, mar áit tharraingteach um chónaí, obair, chaitheamh aimsire agus chuairtNí spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

3.0 Deiseanna

- Tá an bealach isteach chuig an sráidbhaile sainithe ag acomhal an bhóthair agus na habhann, agus ar na bóithre ata nasctha leis an sráidbhaile. Tá lár an tsráidbhaile stairiúil tréithrithe ag an bhfaiche aonaigh stairiúil atá sainithe ag struchtúir ó thús an 19ú aois. Tá ról dearfach ag bruach na habhann i nádúr an tsráidbhaile. Tá dhá shiúlóid abhann, ceann amháin a nascann lár an tsráidbhaile le tailte na heaglaise ar an taobh thiar, agus an dara siúlóid a nascann ó thaobh thoir theas fhaiche an aonaigh agus ansin ó dheas cois na habhann a nascann na bealaí úsáide cónaitheacha agus pobail le tuaisceart an tsráidbhaile. Dhéanfaidh idirnasc feabhsaithe idir an dá shiúlóid leanúnachas agus taitneamhacht shiúlóid na habhann a fheabhsú. Dhéanfaidh síneadh eile ar an tsiúlóid chuig an loch ó thuaidh taitneamhacht an tsráidbhaile a fheabhsú go mór.
- Tá an réimse poiblí sainithe go réasúnta maith le cosán leanúnach a nascann an lár ó theas ar an mbóthar, agus siúlóid na habhann. Dhéanfaidh teorainn shoiléir idir na limistéir choisithe agus feithicle laistigh den lár an réimse poiblí a fheabhsú, agus dhéanfaidh

feabhsúcháin ar leanúnachas i siúlóidí coisí, agus crosairí bóthair, agus nasc le tailte an CLG taitneamhacht coisithe sa sráidbhaile a fheabhsú.

- Tá deis ann féiniúlacht fhaiche an aonaigh, geatabhealaí agus nóid tuaithe a chomhdhlúthú agus an timpeallacht fhisiceach a fheabhsú le feabhsúcháin ar an réimse poiblí agus sócmhainní fisiceacha agus sóisialta an tsráidbhaile a fheabhsú, forbairt spáis sibhialta a mholadh le leas na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí.

4.0 Straitéis Úsáid Talún

Chun an fhís do Chill Mhaighneann a chomhlíonadh, tá straitéis don sráidbhaile beartaithe, a gcuirtear léi ag na cuspóirí um Chriosú Úsáid Talún don sráidbhaile. Tá roinnt gnéithe lárnaigh a gabháil leis an Straitéis; lár stairiúil an tsráidbhaile, carachtar an tsráid-dreacha a chomhdhlúthú, agus faiche an aonaigh a athshainiú mar an lár gnó agus spás féideartha sibhialta/pobail. Na sócmhainní nádúrtha agus fisiceacha a chuimsiú, lena n-áirítear feabhsú an réimse phoiblí, forbairt bhealaí coisí laistigh den sráidbhaile agus timpeall air lena n-áirítear taitneamhacht na habhann, spásanna poiblí nua-shainithe a cheangal agus soláthar bhealaí úsáide pobail agus caithimh aimsire sa sráidbhaile.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Baineann an sráidbhaile leas as cineálacha éagsúla teaghaise ón 19ú aois agus ó thús an 20ú aois. Tá limistéir chónaitheacha nua suite ar an taobh thoir den bhealach isteach ó theas, lena n-áirítear sráidbhaile scoir teach cúraim Chill Mhaighneann, forbairt tithíochta Edenwood atá suite os a chomhair, forbairt chónaitheach Ascaill an tSeanadóra Farrelly, agus eastát tithíochta beag os comhair na heaglaise, ar Bhóthar an tSéipéil i lár an tsráidbhaile.

Soláthraíonn an sráidbhaile scoir comhaimseartha, an teach cúraim agus téarnaimh ionad béime nua sa sráidbhaile, agus is féidir leis ról dearfach a ghlacadh i gcarachtar fisiceach an tsráidbhaile trí fheabhsúcháin ar an réimse poiblí agus trí chomhtháthú níos fearr. Tá na limistéir chónaitheacha nua ailínithe go foirmiúil idir an bóthar agus an abhainn. Ligeann na crainn aibí cois bóthair agus na radhairc ar an tuath dóibh meascadh lena suíomh tuaithe.

Níor tharla mórán forbartha i gCill Mhaighneann le blianta beaga anuas. Tá acmhainn ann chun forbairt chónaitheach nua a ghlacadh i láithreán inlíonta féideartha os comhair fhorbairt chónaitheach an tSeanadóra Farrelly. Cheadódh sé sin nádúr líneach an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus dhéanfadh sé bealaí úsáide gnó agus poiblí an lae inniu agus na todhchaí a chomhdhlúthú.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Tá Cill Mhaighneann aitheanta mar ionad miondíola leibhéal 5 in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá raon beag de sheirbhísí miondíola agus gnó aige lena n-áirítear an teach altranais, siopa grósaera agus tithe tábhairne poiblí i lár an tsráidbhaile. Bhainfeadh an sráidbhaile leas as raon agus rogha níos mó d'áiseanna den sórt sin. Tá gaireacht an tsráidbhaile do Dhún an Rí ina chosc maidir le háiseanna a tharraingt seachas áiseanna chun freastal ar riachtanais láithreacha an tsráidbhaile agus an dobharcheantar tuaithe.

Baineann an sráidbhaile leas, áfach, as daonra mór agus as cuairteoirí a bhaineann leis an teach téarnaimh. Freisin, is féidir leis an sráidbhaile turasóirí a tharraingt; sócmhainn atá san oidhreacht thógtha agus nádúrtha ar an taobh thuaidh den bhaile agus ba cheart í a uasmhéadú lena n-áirítear

na siúlóidí abhann agus an reilig stairiúil lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile; is féidir le forbairt an Ghlasbhealach iarnróid (ar an taobh thoir) an t-éileamh ar áiseanna turasóra a mhéadú; is féidir le forbairt an Ionaid Pobail ionad a chur ar fáil do thurasóirí i dteannta le húsáid bheartaithe an phobail.

Tacóidh an Chomhairle le cruthú conaire do thurasóirí a d'fhéadfadh Cill Mhaighneann a nascadh le bailte agus sráidbhailte eile sa cheantar, agus tacú le soláthar áiseanna turasóra agus áiseanna gnó comhlántacha. Cuirtear bealaí úsáide gnó nua chun cinn in áit lárnach a chuirfeadh le meascán níos inbhuanaithe úsáide a bhaint amach i lár an tsráidbhaile.

4.3 Bonneagar

Freastalaíonn ionad cóireála Fuíolluisce Chill Mhaighneann agus tá acmhainn aige um fhorbairt bhreise. An soláthar uisce ón ionad cóireála fuíolluisce reatha a bhfuil acmhainn aige um forbairt sa todhchaí freisin.

4.4 Gluaiseacht

Tá leagan amach bóithre Chill Mhaighneann simplí; cuimsíonn siad príomhshráid shingil le hacomhal ag crosaire na habhann ar an taobh thoir. Freastalaítear go maith air le cosáin phoiblí ar an taobh thoir den phríomhbhóthair, agus siúlóid taitneamhachta cois abhann. Tá briseadh idir cosáin freisin. Ina theannta sin, níl aon deighilt idir dromchlaí coisí agus feithicle i lár an tsráidbhaile.

Tá seirbhís sceidealaithe ag Bus Éireann dhá huair sa lá a théann tríd an sráidbhaile agus a sholáthraíonn nasc tábhachtach bonneagair le Baile Átha Cliath, leis an Uaimh, leis an Obair agus le Dún an Rí.

Cuirfidh an plean seo chun cinn córa iompair inbhuanaithe mar shiúl agus rothaíocht, trí sráideanna agus spásanna scagacha agus nasctha a chruthú agus áiseanna do choisithe a fheabhsú. Tá cosáin bhreise molta chun nód na mbealaí úsáide pobail a nascadh, lena n-áirítear ag an teach téarnaimh, an scoil agus lár an tsráidbhaile.

Freisin leis an bplean sin cuirfear chun cinn idirchaidreamh leis an NTA chun stad bus tiomnaithe a chur ar fáil agus scáthlán féideartha le níos mó daoine a spreagadh chun leas a bhaint as iompar poiblí.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Baineann Cill Mhaighneann leas as oidhreacht chultúrtha shaibhir agus is féidir leis an oidhreacht sin a fheabhsú trí fheabhsúcháin ar an réimse poiblí agus athúsáid, oiriúnú agus inlíonadh na foirme tógtha reatha, lena n-áirítear athúsáid agus oiriúnú teaghais agus gairdín Mhic Mhathúna um úsáid pobail.

4.6 Bonneagar Glas

Tá an sráidbhaile suite ar imeall dromchla abhann chúng, le taobh géar atá clúdaithe le coill, agus a bhfuil talamh talmhaíochta tháirgiúil. Téann an Abhainn tríd an sráidbhaile agus tharla forbairt ar an taobh theas agus thiar den abhainn go príomha. Ardaíonn an talamh go géar ó thuaidh agus siar ón sráidbhaile, agus ar an taobh theas i dtreo Loch na Coille Báine, tá an tír-raon réidh den chuid is mó. Tá radhairc ar an tuath oscailte ón sráidbhaile, a chuireann go mór lena charachtar agus

a shuíomh. Cuireann crainn aibí cois abhann ag dul chuig an loch ó dheisceart an tsráidbhaile, freisin timpeall na heaglaise agus ag faiche an aonaigh mar a bhíodh ann, agus ar an mbóthar chuig an sráidbhaile in éineacht le fáilta sceach néata le carachtar lár an tsráidbhaile.

Tá go leor crann aibí agus tarraingteach mar atá léirithe sa léarscáil de Chriosú Úsáid Talún mar ról lárnach a bheith acu i gcosaint charachtar an tsráidbhaile. Freisin sa phlean seo cuirtear chun cinn forbairt siúlóidí líneacha idirnasctha cois abhainn agus ar an bpríomhshráid, le ceangail tríd na limistéir fhorbartha reatha.

Cé go bhfuil sócmhainní comhshaoil sa sráidbhaile agus sa cheantar mórthimpeall air, níl aon cheann acu ainmnithe ar leibhéal Náisiúnta ná Idirnáisiúnta níl aon láithreáin Natura 2000 sa sráidbhaile agus níl sé in aice le haon láithreáin den sórt sin. Draenálann Abhainn Chill Mhaighneann a ritheann trí thaobh thuaidh agus thoir an tsráidbhaile isteach i Loch na Coille Báine, áfach agus chuig an Níth atá in Abhantrach Idirnáisiúnta Neagh Bann. Áirítear leis na gnáthóga éagsúla nádúrtha agus leathnádúrtha i dtimpeallacht Chill Mhaighneann fáilta sceach, féarach, abhainn agus tá gnáthóga coille le sonrú freisin. Leis an bplean seo cuirtear chun cinn cur chuige inbhuanaithe i dtreo forbartha sa todhchaí chun an áis seo a chosaint agus a chaomhnú.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá Scoil Náisiúnta, réamhscoil, creche, sráidbhaile scoir, eaglais reilig agus club agus tailte CLG i gCill Mhaighneann. Freisin baineann an sráidbhaile leas as conair taitneamhachta a leanann líne na habhann tríd an sráidbhaile agus a sholáthraíonn bealach caitimh aimsire luachmhar.

Ullmhaíodh Plean Pobail Chill Mhaighneann faoi *Renaissance Breathing Life into Rural Villages* ag Comhpháirtíocht na Mí i mí Eanáir 2013. Cuireann an straitéis um úsáid talún agus sráidbhaile atá curtha i láthair anseo le roinnt tionscadal lárnach atá aitheanta sa phlean pobail.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil chun na taitneamhachtaí sin atá ann cheana a choimeád agus a fheabhsú. Ina theannta sin, féachtar sa phlean seo chuig deiseanna nua a aithint chun áiseanna a fheabhsú agus taitneamhachtaí nua a sholáthar sa sráidbhaile, mar chur i bhfeidhm na forbartha ceadaithe (i.e. ionad pobail, spás oscailte etc.) ag teach Mhic Mhathúna i lár an tsráidbhaile agus feabhsú shiúlóidí pobail. Leis an gcriosú úsáid talún coimeádtar bealaí úsáide pobail a éascóidh méadú na mbealaí úsáide sin.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Leis an straitéis seo cuirtear chun cinn feabhsú ngeatabhealaí isteach chuig an sráidbhaile i bhfoirm feabhsúchán ar an réimse poiblí a chuimsíonn comharthaí/brandáil don sráidbhaile.

Tá croílár an tsráidbhaile sainithe ag an spás líneach i lár an tsráidbhaile. Tá feabhsúcháin ar an réimse poiblí beartaithe chun caighdeán timpeallachta an spáis seo a fheabhsú, le soláthar cosán breise agus feabhsaithe do choisithe, soilse poiblí agus tírdhreachadh a chuimsiú, agus bealaí rothaíochta a chur san áireamh de réir mar is cuí. Freisin, tá sé beartaithe an réimse poiblí a fheabhsú ag na scoileanna reatha, taobh leis an tailte CLG, agus ag an mbealach isteach chuig an teach téarnaimh agus sráidbhaile scoir. Is é an cuspóir leis sin ná féiniúlacht na limistéar sin a chomhdhlúthú, agus rochtain coisithe ar na bealaí úsáide sin a fheabhsú chun spáis a dhéanamh atá oiriúnach do choisithe agus a ligfeadh do chuariteoirí agus chónaitheoirí níos mó úsáide a bhaint as na háiseanna atá ar fáil sa bhaile.

5.0 Cuspóirí um Forbairt Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrú a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

Beartas

BEA CM 1 Lár gnó agus stairiúil shráidbhaile Chill Mhaighneann a chomhdhlúthú agus a neartú, agus forbairt a mholadh a fheabhsóidh carachtar agus struchtúr lár an phobail, agus freastal ar riachtanais gach coda den phobal áitiúil chun cinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, mar áit tharraingteach um chónaí, obair, chaitheamh aimsire agus cuairt.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA CM 1 Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a bhaint amach, an oiread agus is féidir trí chinntiú nach sáraítear an leithdháileadh teaghlaigh do Chill Mhaighneann mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.

BEA CM 2 Tacú le forbairt chónaitheach agus í a mholadh ar thalamh nach mbaintear dóthain úsáide aisti agus/nó tailte foilmhe, lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta; faoi réir caighdeáin aird de dheardh agus de leagan amach a bheith bainte amach.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

BEA CM 3 Tacú le feabhsú fhéiniúlacht turasóra an tsráidbhaile chun Cill Mhaighneann a nascadh le bailte agus sráidbhailte eile agus chun tacú le forbairt áiseanna mar fhreagra ar an éileamh féideartha, lena n-áirítear áiseanna miondíola, fiontair agus cónaithe.

Bonneagar

CUS CM 4 Idirchaidreamh a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo chun seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar le freastal ar riachtanais fhorbartha an tsráidbhaile laistigh de thréimhse an Phlean.

Gluaiseacht

CUS CM 5	Foirm níos inbhuanaithe iompair a chur ar fáil, lena gcuimsítear cosáin nua a chur ar fáil do choisithe, soilse poiblí agus bearta um cheansú tráchta.
CUS CLM 6	Idirchaidreamh a dhéanamh leis an NTA chun soláthar stad agus scáthlán bus tiomnaithe a lorg in áit oiriúnach le níos mó daoine a spreagadh chun leas a bhaint as iompar poiblí.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS CM 7	Forbairt Ghlasbhealach na hUaimhe Dhún an Rí a chur chun cinn chomh maith le forbairt nasc ón seanstáisiún iarnróid chuig lár an bhaile.
CUS CM 8	Leanúint ar aghaidh ag obair leis an bpobal chun bithéagsúlacht shiúlóidí líneacha abhann a fheabhsú agus cuimsiú i siúlóidí beartaithe nua tríd an sráidbhaile.
CUS CM 9	Na seastáin mhóra crainn sa sráidbhaile a chosaint mar atá aitheanta sa léarscáil de chriosú úsáid talún agus fála sceanach tábhachtacha a choimeád áit is féidir trína gcuimsiú i leaganacha forbartha amach anseo sa sráidbhaile.

Sóisialta

CUS CM 10	Tacú le fforbairt bhealaí úsáide pobail agus caithimh aimsire lena n-áirítear tacaíocht um forbairt áite súgartha do leanaí sa sráidbhaile de réir mar a cheadófar, feabhsú shiúlóid na habhann agus forbairt fhéideartha gharraithe pobail taobh le siúlóid na habhann.
CUS TUA 11	Tacú le tabhairt chun críche oibreacha ar theach agus ghairdín Mhic Mhathúna chun áiseanna pobail breise a chur ar fáil.
CUS CUM 12	Cur i bhfeidhm an Phlean Pobail um Athnuachan Chill Mhaighneann a éascú agus tacú leis chomh maith le tionscadail eile faoi stiúir an phobail chun an sráidbhaile a fheabhsú go ginearálta agus cinntiú ag an am céanna go bhfuil na tionscadail a eascraíonn uathu ag teacht le cuspóirí forbartha atá cuimsithe sa Ráiteas Scríofa seo don sráidbhaile.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS TUA 13	Na geatabhealaí isteach chuig an sráidbhaile, ó Mhaigh nEalta, ó Dhún an Rí agus ón Obair a fheabhsú i bhfoirm feabhsúchán ar an réimse poiblí lena gcuimsítear brandáil don sráidbhaile.
CUS CM 14	Tacú le feabhsú fhaiche an aonaigh, lena n-áireofar deighilt fheabhsaithe idir limistéir choisí agus pháirceála, soilse poiblí agus tírdhreachadh chun cearnóg sráidbhaile agus áit lárnach de chaighdeán ard a chruthú le haghaidh an tsráidbhaile le spás a chruthú inar féidir le cónaitheoirí agus cuairteoirí idirghníomhú agus crochadh thart.

CUS CM 15	Tacú le feabhsúcháin ar an réimse poiblí, ar theorainneacha bóthair taobh leis na bealaí úsáide pobail reatha, áiseanna scoile agus réamhscoile agus bealach isteach chuig na tailte CLG.
CUS CM 16	Tacú le feabhsú réimse poiblí an tsráidbhaile scoir chun tírdhreachadh a chuimsiú agus spás poiblí a chruthú ag an mbealach isteach chuig an sráidbhaile, chun mothú teachta, áite agus féiniúlachta a chothú do chónaitheoirí agus chuairoteoirí.
CUS CM 17	Cinntiú go léirítear meas ar scála, fhoirm agus nádúr an tsráidbhaile san fhorbairt nua go léir.